2025/1816

10.9.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1816 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Meán Fómhair 2025

lena gcláraítear an tásc geografach 'Queso de Burgos' (TGFC) i gclár an Aontais um thásca geografacha de bhun Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), rinneadh iarratas na Spáinne ar chlárú an táisc gheografaigh 'Queso de Burgos', arb iarratas é a fuair an Coimisiún roimh dháta theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1143, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]).

(2) Ní bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra faoi Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143, atá infheidhme maidir leis an iarratas ar chlárú i gcomhréir le hAirteagal 90(2) den Rialachán sin.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, an tásc geografach 'Queso de Burgos' a chur isteach i gclár an Aontais um thásca geografacha,

(4) Le litreacha a fuarthas an 25 Márta 2025 agus an 30 Bealtaine 2025, d'iarr údaráis na Spáinne ar an gCoimisiún idirthréimhse 3 bliana a dheonú, i gcomhréir le hAirteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2024/1143, i bhfabhar roinnt gnólachtaí atá bunaithe lasmuigh den limistéar geografach a shainítear sna sonraíochtaí táirgí agus a raibh táirgí faoin ainm 'Queso de Burgos' á margú go dleathach acu agus a d'úsáid an t-ainm go leanúnach ar feadh níos mó ná 5 bliana roimh dháta foilsithe an iarratais ar chlárú 'Queso de Burgos' (TGFC) in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (i.e. an 30 Nollaig 2024). Cuireadh an Coimisiún ar an eolas gur ardaíodh an pointe sin i gcomhthéacs an nós imeachta freasúra náisiúnta.

(5) Ós rud é go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 20(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1143, coinníollacha is infheidhme maidir leis an iarratas ar chlárú i gcomhréir le hAirteagal 90(2) den Rialachán sin, ba cheart idirthréimhse 3 bliana a dheonú chun gur féidir leis na gnóthais lena mbaineann leanúint den ainm 'Queso de Burgos' a úsáid,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an tásc geografach 'Queso de Burgos' (TGFC) a chur isteach i gclár an Aontais um thásca geografacha dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/1143.

([1]) IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj).
([3]) IO C, C/2024/7552, 30.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/7552/oj.

Airteagal 2

Údaraítear do na gnóthais seo a leanas le leanúint den ainm ‘Queso de Burgos’ a úsáid ar feadh idirthréimhse 3 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo: Mantequerías Arias S.A. (a mhéid a bhaineann leis na suiteálacha atá suite lasmuigh den limistéar geografach a shainítear sa tsonraíocht táirge); Campo de San Juan S.L.U.; Lácteas del Jarama S.A.; Grupo Lactalis Iberia S.A.; Lactalis Zamora S.L.; El Gran Cardenal S.A.; Schreiber Foods España S.L.; Palancares Alimentación S.L.; Industrias Lácteas San Vicente S.A.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún